2024/1251

7.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1251 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Aibreán 2024

lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe maidir le tarchur staidrimh faoi Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 2534)

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Fionlainnise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Liotuáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Slóvaicise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 6(1) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, deonóidh an Coimisiún maoluithe sealadacha do na Ballstáit, a mhéid is gá oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chórais staidrimh náisiúnta chun na ceanglais nua staidrimh a tugadh isteach leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm. Deonófar maoluithe ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, go ceann uasfhad 3 bliana.

(2) Chuir an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn isteach iarratais go ndeonófaí maoluithe sealadacha dóibh, de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, chun na ceanglais nua staidrimh a chomhlíonadh faoin Rialachán sin, ar ceanglais iad a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) I gcomhréir leis an bhfaisnéis a soláthraíodh sna hiarrataí sin, measann an Coimisiún gur gá oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chórais staidrimh náisiúnta na mBallstát lena mbaineann. Tá údar, mar sin, leis na maoluithe a beartaíodh le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, agus ba cheart iad a dheonú don Bhulgáir, don Danmhairg, don Ghearmáin, d'Éirinn, don Ghréig, don Chróit, don Iodáil, don Chipir, don Liotuáin, do Lucsamburg, don Ísiltír, don Pholainn, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSlóvaic, don Fhionlainn agus don tSualainn.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa gCinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chórais Staidrimh Eorpaigh, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le Staidrimh Eorpach.

([1]) IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach, agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta (IO L 97, 5.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/734/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar na maoluithe ar Rialachán (CE) Uimh. 549/2013 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a dheonú do na Ballstáit a liostaítear ann.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Bulgáire, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Paolo GENTILONI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Tír: an Bhulgáir

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: P.3_S.14 - caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir marthanachta, miondealuithe ar earraí leathmharthanacha, earraí neamh-mharthanacha agus seirbhísí	Maolú ar tharchur na n-athróg	1995R1-2025R2	Mí Mheán Fómhair 2025
1A	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí bliantúla: P.51g_AN.1132 - ollfhoirmiú caipitil sheasta i dtrealamh TFC ag t+9 mí tar éis na tréimhse tagartha	Maolú ar tharchur na hathróige	1995-2026	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.76r acmhainní dílse an Aontais atá bunaithe ar CBL agus OIN, ioncam	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9p_S.212 aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - meabhrán: costais bhailiúcháin na n-acmhainní dílse	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
5	Caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir cuspóra – sonraí bliantúla: gach miondealú COICOP (01-13) ar chaiteachas na dteaghlach ar thomhaltas aonair	Maolú ar tharchur na miondealuithe bunaithe ar aicmiú COICOP 2018	1995-2023	Mí Mheán Fómhair 2025
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.2 an chuid eile den domhan - acmhainní - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1995-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.2 an chuid eile den domhan - úsáidí - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1995-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1999-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.2 an chuid eile den domhan - acmhainní - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.2 an chuid eile den domhan - úsáidí - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(í)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+3 mhí tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+85 lá tar éis na tréimhse tagartha	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
801SA	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – sonraí a ndearnadh coigeartú orthu de réir séasúir agus féilire: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+3 mhí +3 lá oibre tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+85 lá +3 lá oibre tar éis na tréimhse tagartha	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
11	Caiteachas an rialtais ghinearálta de réir feidhme (COFOG) – sonraí bliantúla: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+12 mhí tar éis na bliana tagartha seachas ag t+11 mhí tar éis na bliana tagartha	1995-2025	Mí na Samhna 2027
22	Ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (idirbhearta) – sonraí bliantúla: P.51g_AN.1132 - trealamh TFC, A*10 miondealuithe de réir tionscail	Maolú ar tharchur na n-athróg	2000-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
22	Ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (idirbhearta) – sonraí bliantúla: P.51g_AN.1132 - trealamh TFC, A*21 miondealuithe de réir tionscail	Maolú ar tharchur na n-athróg	2000-2024	Mí na Nollag 2027

Tír: an Danmhairg

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(í)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.3r_S.212 fóirdheontais, ioncam ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2020	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.7r_S.212 aistrithe reatha eile, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2020	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9r_S.212 aistrithe caipitil, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2020	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9p_S.212 aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2020	Mí Mheán Fómhair 2027
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+3 mhí tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+85 lá tar éis na tréimhse tagartha	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
801SA	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – sonraí a ndearnadh coigeartú orthu de réir séasúir agus féilire: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+3 mhí +3 lá oibre tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+85 lá +3 lá oibre	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027
27	Cuntais airgeadais agus cláir chomhordaithe an rialtais ghinearálta – sonraí ráithiúla: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: an chéad tarchur ag t +88 lá tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+85 lá tar éis na tréimhse tagartha	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027

Tír: an Ghearmáin

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
22	Ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (idirbhearta) – sonraí bliantúla: P.51g_AN.1132 - trealamh TFC, A*10 miondealuithe de réir tionscail	Maolú ar tharchur na n-athróg	2000-2025	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
22	Ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (idirbhearta) – sonraí bliantúla: P.51g_AN.1132 - trealamh TFC, A*21 miondealuithe de réir tionscail	Maolú ar tharchur na n-athróg	2000-2024	Mí na Nollag 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - meán-aibíocht iarmharach an fhiachais (i mblianta agus míonna)	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a tharchur mar athróg mheasta agus rúnda, ar bhonn na sonraí buiséadacha rialtais láir agus rialtais stáit atá ar fáil	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - AF.32L urrúis fiachais fhadtéarmacha: bannaí cúpóin nialasaigh - clár comhardaithe	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfaidh an athróg a tharchur mar athróg rúnda	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027

Tír: Éire

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
6	Cuntais airgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: gach athróg	An chéad tarchur ag t+6 mhí tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+4 mhí tar éis na tréimhse tagartha	1995-2025	Mí Aibreáin 2027
7	Cláir chomhardaithe i gcomhair sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais – sonraí bliantúla: gach athróg	An chéad tarchur ag t+6 mhí tar éis na tréimhse tagartha seachas ag t+4 mhí tar éis na tréimhse tagartha	1995-2025	Mí Aibreáin 2027

Tír: an Ghréig

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: gach athróg ag t+2/(3) mhí tar éis na tréimhse tagartha	Maolú ar atarchur ar son comhsheasmhachta ag t+3 mí tar éis na tréimhse tagartha	1995R1-2027R2	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: gach athróg ag t+9 mí tar éis na tréimhse tagartha	Maolú ar atarchur ar son comhsheasmhacht le tábla 1A ag t+9 mí tar éis na tréimhse tagartha	1995R1-2027R2	Mí Mheán Fómhair 2027
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: P.3_S.14 – Caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir marthanachta, miondealuithe ar earraí leathmharthanacha, earraí neamh-mharthanacha agus seirbhísí	Maolú ar tharchur na n-athróg	1995R1-2025R2	Mí Mheán Fómhair 2025
1A	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí bliantúla: gach athróg ag t+2/(3) mhí agus t +9 mí tar éis na tréimhse tagartha	Maolú ar atarchur ar son comhsheasmhachta ag t+3 mí tar éis na tréimhse tagartha	1995-2026	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - meabhrán: costais bhailiúcháin na n-acmhainní dílse	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.7r_S.212 aistrithe reatha eile, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.74r_S.212 comhar idirnáisiúnta reatha, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.74p_S.212 comhar idirnáisiúnta reatha, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.9r_S.212 aistrithe caipitil, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - D.9p_S.212 aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.3r_S.212 fóirdheontais, ioncam ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.7r_S.212 aistrithe reatha eile, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9r_S.212 aistrithe caipitil, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9p_S.212 aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2004-2019	Mí Mheán Fómhair 2027
5	Caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir cuspóra – sonraí bliantúla: Gach miondealú COICOP (01-13) ar chaiteachas na dteaghlach ar thomhaltas aonair	Maolú ar tharchur na miondealuithe bunaithe ar aicmiú COICOP 2018	1995-2023	Mí Mheán Fómhair 2025
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla	Maolú ar chomhsheasmhacht le tábla 801 ag t+9 mí tar éis na tréimhse tagartha	1995-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
11	Caiteachas an rialtais ghinearálta de réir feidhme (COFOG) – sonraí bliantúla: gach athróg	Spriocdháta níos faide don tarchur: tarchur ag t+12 mhí tar éis na bliana tagartha seachas ag t+11 mhí tar éis na bliana tagartha	1995-2025	Mí na Samhna 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán - clár comhardaithe - aibíocht iarmharach 1-5 bliana (na blianta sin uile san áireamh)	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán - clár comhardaithe - aibíocht iarmharach < 1 bhliain (an bhliain sin san áireamh)	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - meán-aibíocht iarmharach an fhiachais (i mblianta agus míonna)	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán arna ainmniú san airgeadra náisiúnta (tar éis babhtálacha) - clár comhardaithe	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán arna ainmniú in euro (tar éis babhtálacha) - clár comhardaithe	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán arna ainmniú in airgeadraí eachtracha (tar éis babhtálacha) - clár comhardaithe	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 - idirbhearta an rialtais ghinearálta i ndliteanas fiachais Maastricht ag an margadhluach - aibíocht tosaigh > 1 bhliain	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán ar ráta athraitheach úis - clár comhardaithe - aibíocht tosaigh > 1 bhliain	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán ar ráta athraitheach úis - clár comhardaithe - aibíocht iarmharach 1-5 bliana (na blianta sin uile san áireamh)	Go dtí go rachaidh an maolú in éag, féadfar an athróg a bhunú go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - ollfhiachas iomlán ar ráta athraitheach úis - clár comhardaithe - aibíocht iarmharach > 1 bhliain	Tarchur bunaithe go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 - idirbhearta an rialtais ghinearálta i ndliteanas fiachais Maastricht ag an margadhluach, arna n-ainmniú san airgeadra náisiúnta	Tarchur bunaithe go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 - idirbhearta an rialtais ghinearálta i ndliteanas fiachais Maastricht ag an margadhluach, arna n-ainmniú in euro	Tarchur bunaithe go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) – sonraí bliantúla: S.13 - idirbhearta an rialtais ghinearálta i ndliteanas fiachais Maastricht ag an margadhluach, arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach	Tarchur bunaithe go páirteach ar mheastacháin (i gcás nach bhfuil codanna den athróg ar fáil)	2020-2026	Mí Dheireadh Fómhair 2027

Tír: an Chróit

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: gach athróg ag t+9 mí tar éis na tréimhse tagartha	Maolú ar atarchur ar son comhsheasmhacht le tábla 1A ag t+9 mí	1995R1-2027R2	Mí Mheán Fómhair 2027
1Q	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta – sonraí ráithiúla: P.3_S.14 - Caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir marthanachta, miondealuithe ar earraí leathmharthanacha, earraí neamh-mharthanacha agus seirbhísí	Maolú ar tharchur na n-athróg	1995R1-2026R2	Mí Mheán Fómhair 2027
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.3r_S.212 fóirdheontais, ioncam ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2013-2014	Mí an Mhárta 2026
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.7r_S.212 aistrithe reatha eile, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2013-2014	Mí an Mhárta 2026
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9r_S.212 aistrithe caipitil, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2013-2014	Mí an Mhárta 2026

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
2	Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha – sonraí bliantúla: S.1 geilleagar iomlán - D.9p_S.212 aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	Maolú ar tharchur na hathróige	2013-2014	Mí an Mhárta 2026
5	Caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach de réir cuspóra – sonraí bliantúla: Gach miondealú COICOP (01-13) ar chaiteachas na dteaghlach ar thomhaltas aonair	Maolú ar tharchur na miondealuithe bunaithe ar aicmiú COICOP 2018	1995-2023	Mí Mheán Fómhair 2025
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.2 an chuid eile den domhan - acmhainní - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999-2024	Mí Mheán Fómhair 2026
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.2 an chuid eile den domhan - úsáidí - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999-2024	Mí Mheán Fómhair 2026
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1999-2024	Mí Mheán Fómhair 2026
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.2 an chuid eile den domhan - acmhainní - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2026R1	Mí Mheán Fómhair 2026
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.2 an chuid eile den domhan - úsáidí - D.45 cíos	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2026R1	Mí Mheán Fómhair 2026
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2026R1	Mí Mheán Fómhair 2026

Tír: an Iodáil

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí bliantúla: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1995-2025	Mí Mheán Fómhair 2027
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála – sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe: S.13 rialtas ginearálta - úsáidí - D.42 ioncam dáilte corparáidí	Maolú ar tharchur na hathróige	1999R1-2027R1	Mí Mheán Fómhair 2027

Tábla	Teideal an tábla: Sraith, có(i)d agus/nó athróg(a) lena mbaineann	Cur síos ar an maolú	An tréimhse thagartha/ na tréimhsí tagartha a chumhdaítear leis an maolú	An uair a dhéanfar an chéad tarchur comhlíontach
